



**A8-0007/2019**

11.1.2019

**\*\*\*I**

## **TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/106/CE maidir le híosleibhéal oiliúna maraithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/45/CE (COM(2018)0315 – C8-0205/2018 – 2018/0162(COD))

An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht

Rapóirtéir: Dominique Riquet

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an thoráil den ghníomh sin is mian leis an bParlaimint a leasú.


#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le cló trom iodálach. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le cló trom iodálach agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

### Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .....	24
TUAIRIM ÓN GCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA .....	26
NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH .....	37
TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH .....	38



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/106/CE maidir le híosleibhéal oiliúna maraithe agus lena naisghairtear Treoir 2005/45/CE (COM(2018)0315 – C8-0205/2018 – 2018/0162(COD))

**(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2018)0315)),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0205/2018),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an ...<sup>1</sup>,
  - ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an ...<sup>2</sup>,
  - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht agus don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A8-0007/2019),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
  2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

<sup>1</sup> IO C ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

<sup>2</sup> IO C ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

## Leasú 1

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) Chun leibhéal ard sábháilteachta muirí agus cosanta ar thruailliú ar muir a choimeád, tá sé ríthábhachtach leibhéal eolais agus scileanna mharaithe an Aontais a fheabhsú trí oiliúint agus deimhniúchán muirí a fhorbairt i gcomhréir leis na rialacha idirnáisiúnta.

*Leasú*

(1) Chun ardleibhéal sábháilteachta muirí agus cosanta ar thruailliú ar muir a choimeád, tá sé ríthábhachtach leibhéal eolais agus scileanna mharaithe an Aontais a fheabhsú trí oiliúint agus deimhniú muirí a fhorbairt i gcomhréir leis na rialacha idirnáisiúnta **agus le dul chun cinn teicneolaíoch, agus go ndéanfaí gníomhaíocht bhreise chun bonn scileanna muirí na hEorpa a fheabhsú trí dheiseanna ardoiliúna agus forbartha a sholáthar do mharaithe an Aontais.**

## Leasú 2

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(2a) Tá treoir i gCód STWC cheana maidir le tuirse a chosc (Cuid B-VIII/1) chomh maith le bheith in inmhe dualgais (Cuid A-VIII/1). Chun ardleibhéal sábháilteachta a áirithiú, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí na caighdeáin a leagtar amach sa choinbhinsiún idirnáisiúnta sin a fhorfheidhmiú agus a leanúint gan eisceacht.

*Leasú*

(2a) **Tá treoir i gCód STWC cheana maidir le tuirse a chosc (Cuid B-VIII/1) chomh maith le bheith in inmhe dualgais (Cuid A-VIII/1). Chun ardleibhéal sábháilteachta a áirithiú, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí na caighdeáin a leagtar amach sa choinbhinsiún idirnáisiúnta sin a fhorfheidhmiú agus a leanúint gan eisceacht.**

## Leasú 3

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(3a) Chun soghluaisteacht ghairmiúil na maraithe a chothú laistigh den Aontas

*Leasú*

(3a) **Chun soghluaisteacht ghairmiúil na maraithe a chothú laistigh den Aontas**

*agus chun go seachnófaí go mbeadh eanáil mhúirí na hEorpa i ngleic le ganntanas foirne inniúla a bhfuil an meascán ceart de scileanna agus inniúlachtaí acu, ba cheart aitheantas frithpháirteach deimhnithe maraíthe arna n-eisiúint ag na Ballstáit a éascú. Dá bhri sin, ba cheart do na Ballstáit aitheantas iomlán a thabhairt do dheimhnithe oilteachta agus d'fhianaise dhoiciméadach arna n-eisiúint chuig maraíthe ag Ballstáit eile, lena n-áirítear chun críocha deimhnithe náisiúnta inniúlachta a eisiúint. Má dhiúltaíonn Ballstát deimhniú bailí den sórt sin arna eisiúint ag Ballstát eile a fhormhuiniú nó a ghlacadh, ba cheart dó na cúiseanna a lua ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe.*

#### Leasú 4

##### Togra le haghaidh Treorach Aithris 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Cuimsítear i dTreoir 2008/106/CE freisin sásra chun go dtabharfar aitheantas do dheimhnithe maraíthe arna eisiúint ag tríú tíortha. Léirigh measúnú an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT)<sup>14</sup> gur baineadh amach laghdú suntasach ar chostais do na Ballstáit ó tugadh isteach an sásra láráithe. Mar sin féin, léiríodh sa mheastóireacht, maidir le cuid de na tríú tíortha aitheanta, nár **fostaíodh** ach líon an-bheag **maraíthe ar shoithigh an Aontais ina dhiaidh sin. Dá bhri sin, chun na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla, ba cheart an nós imeachta maidir le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha a bheith bunaithe ar anailís ar an ngá atá leis an aithint sin, ag cur san áireamh uimhir na máistrí agus na n-oifigeach as an tír sin is dóichí a fhostófar ar shoithigh an Aontais.**

*Leasú*

(5) Ina theannta sin, tá sásra láráithe i dTreoir 2008/106/CE chun aitheantas a thabhairt do dheimhnithe maraíthe arna n-eisiúint ag tríú tíortha. Léirigh meastóireacht an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT)<sup>14</sup> gur baineadh amach laghdú suntasach ar chostais do na Ballstáit ó tugadh isteach an sásra láráithe. Nochtadh sa mheastóireacht freisin, áfach, maidir le roinnt de na tríú tíortha aitheanta, nár eisigh na Ballstáit ach líon thar a bheith teoranta **d'fhormhuiníthe lena ndeimhnítear** aitheantas do **dheimhnithe i dtaca le deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta arna n-eisiúint ag na tríú tíortha sin.**

<sup>14</sup> SWD(2018)19.

<sup>14</sup> SWD(2018)19.

## Leasú 5

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 6 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(6a) Chun a áirithiú go mbeidh an ceart ag na maraithe uile fostaíocht chuibhíúil a fháil agus chun saobhadh ar an iomaíocht a theorannú sa mhargadh inmheánach, ba cheart go mbeadh de choinníoll ag gabháil le haitheantas a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha go ndéanfadh na tríú tíortha sin Coinbhinsiún Oibreachais Mhuiri idirnáisiunta a dhaingniú.**

## Leasú 6

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(7) Chun éifeachtúlacht an chórais láraithe maidir le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha a fheabhsú níos mó, ba cheart athmheasúnú tríú tíortha a sholáthraíonn líon beag maraithe do chabhlach an Aontais, ba cheart é sin a dhéanamh ag eatraimh rialta níos faide agus ba cheart iad a fhadú go **deich** mbliana mar sin. Mar sin féin, ba cheart an tréimhse níos faide athmheasúnaithe ar chóras na dtríú tíortha sin a chomhcheangal le critéir thosaíochta a chuireann san áireamh ceisteanna sábháilteachta, agus á chur san áireamh go mbeadh gá le cothromaíocht idir éifeachtúlacht agus sásra Coimirce éifeachtach i gcás go dtiocfadh meath ar chaighdeán oiliúna do mharaithe a chuirtear ar fáil sna tríú tíortha ábhartha.

(7) Chun éifeachtúlacht an chórais láraithe maidir le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha a mhéadú níos mó, ba cheart athmheasúnú na dtríú tíortha a sholáthraíonn líon beag maraithe do chabhlach an Aontais, ba cheart é sin a dhéanamh ag eatraimh níos faide, ar cheart iad a fhadú go **hocht** mbliana. **Ba cheart do na Ballstáit cumas na maraithe sin a mheas freisin, agus, más gá, ba cheart do na maraithe sin dul faoi oiliúint.** Ba cheart, áfach, an tréimhse níos faide athmheasúnaithe sin ar chóras na dtríú tíortha a chomhcheangal le critéir thosaíochta a chuireann san áireamh ceisteanna sábháilteachta, agus á chur san áireamh go mbeadh gá le cothromaíocht idir éifeachtúlacht agus sásra Coimirce éifeachtach i gcás go dtiocfadh meath ar



chaighdeán oiliúna do mharaithé a chuirtear ar fáil sna tríú tíortha ábhartha.

## Leasú 7

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) Na maraithe atá fostaithe agus arb as tríú dtíortha dóibh, tá faisnéis curtha ar fáil ina dtaobh le cumarsáid ó na Ballstáit a chuireann in iúl an fhaisnéis ábhartha atá ina gclár náisiúnta maidir le deimhnithe agus formhuinithe arna n-eisiúint acu. Ba cheart an fhaisnéis a úsáid ní amháin chun críocha staidreamh agus beartais a cheapadh ach chun críche éifeachtúlacht an chórais láraithe lena n-aithnítear tríú tíortha a fheabhsú. Bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur in iúl ag na Ballstáit, ***bainfead de liosta na dtíortha aitheanta*** na tíortha ***aitheanta*** sin nár sholáthraigh maraithe do chabhlach an Aontais ar feadh tréimhse ***clúg*** bliana ar a laghad. Anuas air sin, úsáidfead an fhaisnéis seo chun tús áite a thabhairt d'athmheasúnú ar na tríú tíortha aitheanta.

## Leasú 8

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 9

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(9) Níl na forálacha i ndáil le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla i gcomhréir le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>15</sup>, níl siad

*Leasú*

(8) Na maraithe atá fostaithe agus arb as tríú dtíortha dóibh, tá faisnéis ar fáil ina dtaobh ar leibhéal an Aontais mar gheall ar an bhfaisnéis ábhartha atá ina gclár náisiúnta maidir le deimhnithe agus formhuinithe arna n-eisiúint acu a bheith curtha in iúl ag na Ballstáit. Ba cheart an fhaisnéis a úsáid ní amháin chun críocha staidreamh agus beartais a cheapadh ach chun críche éifeachtúlacht an chórais láraithe lena n-aithnítear tríú tíortha a fheabhsú. Bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur in iúl ag na Ballstáit, ***ba cheart athscrúdú a dhéanamh ar aitheantas na dtíortha nach bhfuil maraithe soláthartha acu do chabhlach an Aontais le hocht mbliana anuas ar a laghad. Ba cheart go gcumhdófaí le próiseas an athscrúdaithe an fhéidearthacht go gcoinneofaí nó go dtarraingeofaí siar aitheantas an tríú tír ábhartha.*** Anuas air sin, úsáidfead an fhaisnéis seo chun tús áite a thabhairt don athmheasúnú ar na tríú tíortha aitheanta.

**Commented [FO1]:** chun ná tuigfí gur cheart an scrúdú a dhéanamh ar feadh tréimhse d'ocht mbliana

infheidhme maidir le haitheantas a thabhairt do dheimhnithe maraithe faoi bhun Treorach 2008/106/CE. Le Treoir 2005/45/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>16</sup> rinneadh combhaitheantas do dheimhnithe maraithe arna eisiúint ag na Ballstáit a rialú. Tá sainmhínithe ar theastais mharaithe dá dtagraítear i dTreoir 2005/45/CE imithe i léig, áfach, i bhfianaise na leasuithe 2010 ar Choinbhinsiún STCW. Dá bhrí sin, ba cheart combhaitheantas do dheimhnithe maraithe arna eisiúint ag an Ballstáit a leasú chun na leasuithe idirnáisiúnta agus na sainmhínithe nua ar theastais mharuithe atá mar chuid de Threoir 2008/106/CE a léiriú. Ina theannta sin, ba cheart na deimhnithe maraithe arna n-eisiúint faoi bhun údarás na mBallstát a áireamh sa scéim chomhaitheantais. Chun débhríocht agus baol neamhréireachtaí idir Treoir 2005/45/CE agus Treoir 2008/106/CE a bhaint, ba cheart aitheantas frithpháirteach do dheimhnithe maraithe a rialú le Treoir 2008/106/CE.

<sup>15</sup>Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

<sup>16</sup>Treoir 2005/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haithint fhrithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus lena leasaítear Treoir 2001/25/CE (IO L 255, 30.9.2005, lch. 160).

infheidhme maidir le haitheantas a thabhairt do dheimhnithe maraithe faoi Threoir 2008/106/CE. Le Treoir 2005/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>16</sup>, rinneadh aitheantas frithpháirteach deimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit a rialú. Tá na sainmhínithe ar theastais mharaithe dá dtagraítear i dTreoir 2005/45/CE imithe i léig, áfach, i bhfianaise na leasuithe ó 2010 ar Choinbhinsiún STCW. Dá bhrí sin, ba cheart an scéim maidir le haitheantas frithpháirteach do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag an Ballstáit a leasú chun na leasuithe idirnáisiúnta agus na sainmhínithe nua ar theastais mharuithe atá mar chuid de Threoir 2008/106/CE a léiriú. Ina theannta sin, ba cheart na deimhnithe maraithe arna n-eisiúint faoi bhun údarás na mBallstát a áireamh sa scéim maidir le haitheantas frithpháirteach. Chun débhríocht agus baol neamhréireachtaí idir Treoir 2005/45/CE agus Treoir 2008/106/CE a bhaint, ba cheart aitheantas frithpháirteach do dheimhnithe maraithe a rialú le Treoir 2008/106/CE. ***Thairis sin, chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú agus chun bainistiú na long a éascú, is gá córas leictreonach a thabhairt isteach maidir le cáilíochtaí maraithe a thíolacadh d'fhonn go mbeidh an córas um dheimhnithe agus um cháilíochtaí go hiomlán gan páipéar faoi 2027.***

<sup>15</sup>Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

<sup>16</sup>Treoir 2005/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus lena leasaítear Treoir 2001/25/CE (IO L 255, 30.9.2005, lch. 160).

## Leasú 9

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 9 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(9a) Chun cabhrú le sábháilteacht a mhéadú, le héifeachtúlacht i dtaca le bainistiú soithí a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu a fheabhsú agus le maraíthe a fhaigheann n-oiliúint laistigh den Aontas a chur chun cinn, tá sé tábhachtach go leanfaí d'fhios gnó mara na hEorpa a fhorbairt agus go gcuirfí feabhas ar cháilíochtaí agus scileanna maraíthe, go háirithe i gcomhthéacs forbairtí teicneolaíocha agus i gcomhthéacs dhigitiú na hearnála. Dá bharr sin, ba cheart oiliúint a sholáthar sa bhreis ar na ceanglais íosta a leagtar síos sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus faire do Mharaithe, agus Diplóma Muiri Eorpach Barr Feabhais a bhronnadh ag deireadh na hoiliúna, mar a mhol an Tascfhórsa um Fhostaíocht agus Iomaíochas Mara sa Choimisiún ina thuarascáil an 9 Meitheamh 2011. Thairis sin, chun tairbhe a bhaint as malartuithe deachleachtais i measc na mBallstát, ba cheart go molfai go ndéanfaí scéim Erasmus+ i gcomhair oiliúint maraíthe a chur chun cinn.*

## Leasú 10

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 9 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(9b) Ba cheart na deimhnithe agus na teastais a lárú trí bhithin bunachar sonraí leictreonach ar leibhéal an Aontais, atá*

*nasctha freisin leis an mbunachar sonraí dá dtagraítear i dTreoir 2009/16/CE<sup>1a</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Tá digitiú na sonraí sin ina chuid den dul chun cinn teicneolaíoch a bhaineann le sonraí a bhailiú agus a tharchur d'fhonn cabhrú le costais a laghdú agus le húsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní daonna.*

*<sup>1a</sup> Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stáit ar chalafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).*

Leasú 11

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 10 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(10a) Tá gá le díospóireacht leathan ina mbeadh na comhpháirtithe sóisialta, na Ballstáit, institiúidí oiliúna agus geallsealbhóirí eile rannpháirteach chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go gcruthófaí córas deonach de dheimhnithe comhchuibhíthe a théann níos faide ná Coinbhinsiún STCW ar leibhéal na hoiliúna, chun an buntáiste iomaíoch atá ag maraithe na hEorpa a mhéadú. D'fhéadfadh STCW+ den sórt sin 'deimhnithe barr feabhais muirí' a bhunú bunaithe ar chúrsaí iarchéime muirí Eorpacha, a sholáthródh do mharaithe Eorpacha scileanna sa bhreis orthu siúd is gá ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ba cheart go gcuideodh digitiú méadaitheach na hearnála muirí leis na scileanna agus na cáilíochtaí sin a fheabhsú agus a fhorbairt.*

Leasú 12

**Togra le haghaidh Treorach**

PE628.404v02-00

12/38

RR\1173723GA.docx

**GA**

## Aithris 10 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(10b) Ba cheart go dtabharfaí tacaíocht d'oideachas maraíthe Eorpacha mar mháistrí agus mar oifigigh trí mhalartuithe mac léinn idir Institiúidí Oideachais agus Oiliúna Muirí ar fud an Aontais. Chun scileanna agus cáilíochtaí maraíthe faoi bhratach Eorpach a chothú agus a fhorbairt, tá ga le malartú deachleachtas idir na Ballstáit. Ba cheart go mbainfeadh oiliúint maraíthe leas iomlán as na deiseanna a chuirtear ar fáil le Erasmus +.**

## Leasú 13

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 5 – mír 10

*An téacs atá ann*

10. Faoi réir Airteagal 19(7), mír 7, coinneofar ar bord na loinge ar a bhfuil an sealbhóir fostaithe an leagan bunaidh de gach deimhniú a leagtar síos sa Treoir seo.

*Leasú*

**(2a) In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:**

**'10. Faoi réir Airteagal 19(7), mír 7, coinneofar ar bord na loinge ar a bhfuil an sealbhóir fostaithe an leagan bunaidh de gach deimhniú a éilítear leis an Treoir seo, i bhfoirm pháipéir nó i bhfoirm leictreonach, a ndéanfaidh an Stát eisiúna a bharántúlacht agus a bhailíocht a ráthú, agus a fhéadfar a dheimhniú faoin nós imeachta a leagtar síos i bpointe (b) de mhír 12 agus i mír 13 den Airteagal seo.'**

*(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32008L0106&from=GA>)*

## Leasú 14

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 b (nua)**

Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 5 – mír 13

*An téacs atá ann*

13. I gcomhréir le mír 12, pointe (b), ón 1 Eanáir 2027, beidh rochtain i bhfoirm leictreonach ar an bhfaisnéis is gá a bheith ar fáil i gcomhréir le mír 12, pointe (b).

*Leasú*

**(2b) In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 13:**

‘13. Amhail ón 1 Eanáir 2017, an fhaisnéis is gá a bheith ar fáil i gcomhréir le pointe (b) de mhír 12, is trí mheáin leictreonacha a chuirfear ar fáil í. **Amhail ón 1 Eanáir 2027, déanfar gach deimhniú agus formhuiniú, i gcomhréir le pointe (a) de mhír 12, a chur ar fáil trí mheáin leictreonacha.**

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32012L0035&from=GA>)

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 5a – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun crocha mhír 8 d’Airteagal 20, mír 2 d’Airteagal 21 **agus lena n-úsáid ag na Ballstáit agus** ag an gCoimisiún i gcomhair **ceapadh beartais, cuirfidh** na Ballstáit **faoi bhráid an Choimisiúin, ar bhonn bliantúil**, an t-eolas dá dtagraítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir seo maidir le deimhnithe inniúlachta agus formhuinithe lena bhfianaítear aitheantas arna thabhairt do dheimhnithe **inniúlachta. Féadfaidh siad a sholáthar, ar bhonn deonach, an fhaisnéis maidir le deimhnithe** oilteachta arna n-eisiúint **chuig mharaithe** i gcomhréir le **Caibidil II, III agus VII den Iarscríbhinn a ghabhann** le Coinbhinsiún STCW.

*Leasú*

Chun críocha mhír 8 d’Airteagal 20 **agus** mír 2 d’Airteagal 21, **agus chun cur chun feidhme Airteagal 8 a éascú, déanfaidh** an Coimisiún **bunachar sonraí a chruthú, a bhainistiú agus a nuashonrú a mbeidh** gach Ballstát **nasctha leis agus ina mbeidh** an fhaisnéis **ar fad** dá dtagraítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir seo maidir le deimhnithe inniúlachta agus formhuinithe lena bhfianaítear aitheantas arna thabhairt do dheimhnithe oilteachta arna n-eisiúint i gcomhréir le **Rialacháin V/1-1 agus V/1-2** a ghabhann le Coinbhinsiún STCW.

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 5a – mír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1a. Ní mór an bunachar sonraí dheimhnithe na maraíthe a bheith idirnasctha leis an mbunachar sonraí cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 24 de Threoir 2009/16/CE.**

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 5 a – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Glacfaidh gach Ballstát le deimhnithe oilteachta agus fianaise dhoiciméadach arna eisiúint ag Ballstát eile, nó faoina údarás, chun críche cead a thabhairt do mharuithe a bheith ag obair **ar bord longa** a chabhlaigh.

1. Glacfaidh gach Ballstát le deimhnithe oilteachta agus fianaise dhoiciméadach arna n-eisiúint ag Ballstát eile, nó faoina údarás, **i bhfoirm pháipéir nó i bhfoirm leictreonach**, chun críche cead a thabhairt do mharuithe a bheith ag obair **ar bord soithí** ina gcabhlaigh, **agus chun Deimhnithe Inniúlachta nó Deimhnithe Oilteachta a eisiúint. Is laistigh d'aon mhí amháin tar éis an iarraidh agus an doiciméadacht tacaíochta a fháil a eiseofar an cinneadh tosaigh maidir le deimhnithe nó fianaise den sórt sin a ghlacadh.**

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 5b – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Tabharfaidh gach Ballstát aitheantas do Dheimhnithe Inniúlachta arna eisiúint ag Ballstát eile nó do Dheimhnithe Oilteachta arna eisiúint ag Ballstát eile do mháistrí agus d'oifigigh i gcomhréir le Rialacháin V/1-1 agus V/1-2 d'Iarscribhinn I, tríd an deimhniú sin a fhorghuiniú a léiriú go dtugtar aitheantas dó. Beidh na formhuinthe a léiríonn an t-aitheantas teoranta do chumas, feidhmeanna agus leibhéil inniúlachta a fhorordaítear iontu. Leagfar amach foirm an fhorghuinithe a úsáidfeá i mír 3 de Roinn A-I/2 den Chód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire.

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 5 a – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sé de cheart ag maraithe achomharc a dhéanamh i gcoinne aon diúltaíthe deimhnithe bháilí a fhorghuiniú nó a ghlacadh, **nó** in éagmais aon fhreagra, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta agus nósanna imeachta.

*Leasú*

2. Tabharfaidh gach Ballstát aitheantas do Dheimhnithe Inniúlachta arna n-eisiúint ag Ballstát eile nó do Dheimhnithe Oilteachta arna n-eisiúint ag Ballstát eile do mháistrí agus d'oifigigh i gcomhréir le Rialacháin V/1-1 agus V/1-2 d'Iarscribhinn I, tríd an deimhniú sin a fhorghuiniú chun a léiriú go dtugtar aitheantas dó. Beidh an formhuiniú a léiríonn an t-aitheantas teoranta do na hacmhainneachtaí, na feidhmeanna agus leibhéil na hinniúlachta nó na hoilteachta a fhorordaítear iontu. Ní **eiseofar an formhuiniú ach amháin má chomhlíonadh gach ceanglas de Choinbhinsiún STWC, i gcomhréir le mír 7 de Rialachán I/2 de Choinbhinsiún STWC**. Is í foirm an fhorghuinithe a úsáidfeá an ceann a leagtar amach i mír 3 de Roinn A-I/2 den Chód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire.

*Leasú*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag maraithe achomharc a dhéanamh i gcoinne aon diúltaíthe deimhniú bailí a fhorghuiniú nó a ghlacadh, in éagmais freagra ar bith **nó moilleanna gan údar**, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta agus nósanna imeachta **agus go dtabharfar comhairle agus cúnamh leordhóthanach saor in aisce do mharaithe maidir leis na hachomhairc sin**.



**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 5 b – mír 5 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**5 a. Ba cheart do na Ballstáit, a mhéid agus is féidir, liosta a riachtanas agus tairiscintí poist le haghaidh maraithe a choimeád cothrom le dáta.**

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 5 b – mír 7 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**7 a. Déanfaidh na Ballstáit, le cúnaimh ón gCoimisiún agus le rannpháirtíocht na bpáirtithe sóisialta, Diplóma Muirí Eorpach Barr Feabhais a fhorbairt a aithnítear go frithpháirteach lena ndéanfar ardoiliúint a chur ar mharaithe sa bhreis ar cheanglais Choinbhinsiún STWC chun bonn scileanna muirí na hEorpa a fheabhsú tuilleadh.**

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 5b – mír 7b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**7 b. Faoin ... [cuir isteach an dáta cúig bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm], tíolacfaidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle meastóireacht ar thionchar aitheantas frithpháirteach oiliúint agus cáilíochtaí**

*na maraíthe ar fhostaíocht agus scileanna mharaithe na hEorpa, lena n-áirítear tograí le haghaidh gníomhaíocht bhreise i bhfianaise na meastóireachta sin.*

#### Leasú 23

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 5 – pointe a**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 12 – mír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) caighdeán dea-shláinte dá bhforordaítear in Airteagal 11 a chomhlíonadh; agus

*Leasú*

(a) na caighdeán dea-shláinte dá bhforordaítear in Airteagal 11 a chomhlíonadh, **idir fhisiciúil agus mheabhrach**; agus

#### Leasú 24

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe a a (nua)**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 19 – mír 1

*An téacs atá ann*

1. Seafarers who do not possess the certificates of competency issued by Member States and/or the certificates of proficiency issued by Member States to masters and officers in accordance with Regulations V/1-1 and V/1-2 of the STCW Convention, may be allowed to serve on ships flying the flag of a Member State provided that a decision on the recognition of their certificates of competency and certificates of proficiency has been adopted through the procedures set out in paragraphs 2 to 6 of this Article.

*Leasú*

**(aa) In Airteagal 19, leasaítear mír 1 mar a leanas:**

1. Maidir le maraithe nach bhfuil seilbh acu ar na deimhnithe inniúlachta arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus/nó deimhnithe oilteachta arna n-eisiúint ag na Ballstáit chuig máistrí agus chuig oifigigh i gcomhréir le Rialacháin V/1-1 agus V/1-2 de Choinbhinsiún STWC, féadfar cead a thabhairt dóibh a bheith ag obair ar bord long a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu ar an gcoinníoll go bhfuil cinneadh glactha maidir le haitheantas a thabhairt dá ndeimhnithe inniúlachta agus oilteachta trí na nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 2 go 6 den Airteagal seo **agus go bhfuil an Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí Idirnáisiúnta daingnithe ag an**

*tríú tír atá cumhdaithe leis an nós imeachta aitheantais.*

[https://eur-](https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2008:323:0033:0061:EN:PDF)

[lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2008:323:0033:0061:EN:PDF](https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2008:323:0033:0061:EN:PDF)

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe a**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ballstát a bhfuil sé mar rún aige a aithint, trí fhormhuiniú, deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta dá dtagraítear i mír 1 arna n-eisiúint ag tríú tír do mháistir, oifigeach nó oibreoir raidió, maidir lena bheith ag obair ar bord long a bhfuil a mbratach ar foluain orthu, cuirfidh an Ballstát sin iarratas faoi bhráid an Choimisiúin le go dtabharfaí aitheantas don tríú tír sin, in éineacht le réamhanailís ar chomhlíonadh an tríú tír le ceanglais an Choinbhinsiún Chóid do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire tríd an bhfaisnéis a bhailiú dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, **lena n-áirítear** réamh-mheastachán ar líon na máistrí **agus** na n-oifigeach ón tír sin is dóichí a fhostófar.

*Leasú*

Maidir le Ballstát a bhfuil sé mar rún aige a aithint, trí fhormhuiniú, deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta dá dtagraítear i mír 1 arna n-eisiúint ag tríú tír do mháistir, oifigeach nó oibreoir raidió, as siocair a bheith ag obair ar bord long a bhfuil a mbratach ar foluain orthu, cuirfidh sé iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin go dtabharfaí aitheantas don tríú tír sin, in éineacht le réamhanailís ar chomhlíonadh an tríú tír le ceanglais an Choinbhinsiún Chóid do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire **agus an Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí** tríd an bhfaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a bhailiú. **Mar thaca lena iarraidh, soláthróidh an Ballstát breis faisnéise sa réamhanailís ar na cúiseanna le haitheantas a thabhairt don tríú tír. Sa bhreis ar an réamhanailís ar chomhlíonadh, tiolacfaidh an Ballstát meastachán réasúnaithe ar líon na máistrí, na n-oifigeach agus na n-oibreoirí raidió ón tír sin is dóichí a fhostófar, seachas i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.**

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe a**

Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 19 – mír 2 – fohír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Tar éis don Bhallstát an iarraidh a thíolacadh, **déanfaidh an Coimisiún cinneadh chun tús a chur** leis an nós imeachta aitheantais maidir leis an tríú tír sin. **Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2).**

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe a**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 19 – mír 2 – fohír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**An uair a ghlacfar cinneadh dearfach chun tús a chur leis an nós imeachta aitheantais**, baileoidh **an** Coimisiún, le cúnaimh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, agus seans ann go mbeidh ról ag an mBallstát atá ag tíolacadh na hiarrata, baileoidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II agus a dhéanfaidh measúnú ar na córais oiliúna agus deimhnithe sa tríú tír a mbaineann an iarraidh ar aitheantas léi, chun a fhíorú go gcomhlíonann an tír lena mbaineann ceanglais uile an Choinbhinsiún Chóid do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire agus a fhíorú go ndearnadh na bearta iomchuí chun cosc a chur ar eisiúint deimhnithe calaoiseacha.

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 20 – mír 8

PE628.404v02-00

20/38

RR\1173723GA.docx

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

8. Mura bhfuil aon fhorghuinithe ann a léiríonn aitheantas arna eisiúint ag Ballstát maidir le deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta, dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 19, arna eisiúint ag tríú tír le haghaidh tréimhse níos faide ná **5** bliana, déanfar an t-aitheantas do dheimhnithe na tíre sin **a tharraingt siar**. Chun na críche sin, glacfaidh an Coimisiún cinntí cur chun feidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2), tar éis dó é sin a chur in iúl do na Ballstáit agus don tríú tír lena mbaineann **dhá** mhí roimh ré ar a laghad.

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 21 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Na tríú tíortha ar tugadh aitheantas dóibh faoin nós imeachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 19(3), lena n-áirítear na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 19(6), déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú orthu, le cúnaimh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, ar bhonn rialta agus laistigh de **dheich** mbliana ó uair an athbhreithnithe dheireanaigh, chun a fhíorú go bhfuil na critéir ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II á gcomhlíonadh acu agus gur rinneadh na bearta iomchuí chun cosc a chur ar dheimhnithe calaoiseacha.

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe b**

*Leasú*

8. Mura bhfuil aon fhorghuinithe ann a léiríonn aitheantas arna eisiúint ag Ballstát maidir le deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta, dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 19, arna n-eisiúint ag tríú tír le haghaidh tréimhse is faide ná **8** mbliana, déanfar an t-aitheantas do dheimhnithe na tíre sin **a athscrúdú**. Chun na críche sin, glacfaidh an Coimisiún cinntí cur chun feidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2), tar éis dó é sin a chur in iúl do na Ballstáit agus don tríú tír lena mbaineann **trí** mhí roimh ré ar a laghad.

*Leasú*

1. Maidir leis na tríú tíortha a bhfuil aitheantas tugtha dóibh faoin nós imeachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 19(3), lena n-áirítear na tíortha sin dá dtagraítear in Airteagal 19(6), déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú orthu, le cúnaimh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, ar bhonn rialta agus laistigh de **sheacht** mbliana ar a laghad ó athmheasúnaíodh go deireanach iad, chun a fhíorú go bhfuil na critéir ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II á gcomhlíonadh acu agus an ndearnadh na bearta iomchuí chun cosc a chur ar dheimhnithe calaoiseacha a eisiúint.

Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 21 – mír 2 – pointe d

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) líon na gclár arna bhformheas ag an tríú tír;

*Leasú*

(d) líon na gclár **um oiliúint agus um fhorbairt maraithe** arna bhformheas ag an tríú tír;

### **Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe b**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 21 – mír 2 – pointe f a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(f a) líon foriomlán na maraithe arna sholáthar ag an tríú tír do chabhlach an Aontais, agus leibhéal oiliúna agus caillochátaí na maraithe sin;**

### **Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe b**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 21 – mír 2 – pointe f b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(f b) faisnéis maidir le caighdeáin oideachais agus oiliúna sa tríú tír sin arna soláthar ag aon údaráis lena mbaineann nó geallsealbhóirí eile.**

### **Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 25a – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis

1. **Áiritheoidh** na Ballstáit go

*dá dtagraítear in Iarscríbhinn V a chur in iúl don Choimisiún chun críocha mhír 8 d'Airteagal 20, mír 2 d'Airteagal 21 agus le gur féidir leis na Ballstáit agus an Coimisiún í a úsáid i gcomhair ceapadh beartas.*

ndéanfar an fhaisnéis a *liostaítear* in Iarscríbhinn V a *aistriú chuig* an *mbunachar sonraí arna bhunú de bhun* Airteagal 5a *chomh luath agus a eiseofar an deimhniú nó an formhuiniú ábhartha.*

*Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis a aistreofar chuig an mbunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5a a bhailíochtú laistigh de 72 uair an chloig chun críocha a foilsithe.*

*Beidh rochtain ag na Ballstáit ar an bhfaisnéis ar fad a chláraítear sa bhunachar sonraí arna bhunú de bhun Airteagal 5a chun críocha Airteagal 8 a chur chun feidhme.*

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

### Réamhrá

Tugtar aitheantas leibhéal an Aontais Eorpaigh don tábhacht a bhaineann leis an ngné dhaonna maidir le sábháilteacht ar muir agus cosaint an chomhshaoil mhuirí. D'fhonn ardleibhéal sábháilteachta a bhaint amach, meastar go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach feabhas a chur ar oideachas, oiliúint agus deimhniú na maraithe.

Laistigh de AE, rialaítear an tsaincheist sin le dhá threoir: Treoir 2008/106/CE lena leagtar síos caighdeán fosta oiliúna agus oideachais, agus Treoir 2005/45/CE lena ndéantar soghluaisteacht ghairmiúil maraithe a chothú laistigh den Aontas trí éascaíocht a dhéanamh ar aitheantas frithpháirteach dheimhniithearna n-eisiúint ag na Ballstáit. Ar bhonn níos sonraí:

- Le Treoir 2008/106/CE, comhtháthaítear, ar leibhéal AE, an creat idirnáisiúnta ar cheanglais maidir le hoiliúint, deimhniúchán agus faire do mharaithe arna fhorbairt faoi choimirce Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) agus arna fhorordú ag an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeán Oiliúna, Deimhniúchán agus Faire do Mharaithe 1978, arna leasú (Coinbhinsiún STWC).
- Le Treoir 2005/45/CE, déantar soghluaisteacht ghairmiúil maraithe laistigh den Aontas a chothú trí bhíthin níos imeachta simplithe chun an t-aitheantas frithpháirteach do dheimhniithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit a éascú.

### Seiceálacha oiriúnachta ar reachtaíocht atá ann cheana

Léiríodh le meastóireacht REFIT (an clár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála) go bhfuil a phríomhchuspóirí bainte amach den chuid is mó ag Creat an Aontais Eorpaigh maidir le hoiliúint agus deimhniú maraithe agus go leanann sé de bheith lán-ábhartha. Ar thaobh amháin de, tá an creat ag cabhrú le deireadh a chur le foirne nach bhfuil cailíochtaí leordhóthanacha acu a bheith ag obair ar bord soithí a bhfuil bratach de cheann de Bhallstáit an Aontais ar foluain orthu trí fheabhas a chur ar oideachas, oiliúint agus deimhniúchán maraithe. Ag an am céanna, tá cothroime iomaíochta bunaithe idir na maraithe ar cuireadh oiliúint orthu san Aontas Eorpach agus iad siúd a earcaíodh i dtríú tíortha trí shásra lárartha an Aontais Eorpaigh a thabhairt isteach. Ar deireadh, mar gheall ar an aitheantas frithpháirteach do dheimhniithe maraithe faoi Threoir 2005/45/CE, tá meádú tagtha ar shoghluaisteacht na maraithe laistigh de chabhlach na soithí ar a bhfuil Ballstáit de chuid an Aontais ar foluain.

Léiríodh sa mheastóireacht REFIT, áfach, gur ann do roinnt easnamh maidir le héifeachtúlacht agus maidir le comhréireacht i gcás roinnt ceanglais rialála a leagtar síos sa Treoir, mar shampla:

- tá easpa éifeachtúlachta ag baint leis an gcreat riaracháin is infheidhme don nós imeachta aitheantais agus athmheasúnaithe maidir le tríú tíortha;
- tá easpa soiléireachta agus deimhneachta dlíthiúla ag baint le raon feidhme an aitheantais fhrithpháirtigh do dheimhniithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit;
- Is gá Treoir 2008/106/CE a chomhchuíbhiú go tráthrialta chun na modhnuithe is déanaí ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeán Oiliúna, Deimhniúchán agus faire do Mharaithe a léiriú go háirithe a mhéid a bhaineann le cáilíochtaí agus oiliúint maraithe atá ag obair ar bord longapaisinéirí, soithí a úsáideann gás nó breoslaí íseal-splanphointe eile (a thagann faoi chód IGF) agus soithí a oibríonn in uisce polacha. I ndáil leis sin, tá an nós imeachta reatha maidir le haird a thabhairt ar leasuithe ar Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeán Oiliúna, Deimhniúchán agus faire do Mharaithe ina chúis le moilleanna suntasacha



agusfágann sé sin go bhfuil baol ann nach mbeidh dlían Aontais i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ar feadh tréimhse shuntasach ama.

### **An togra ón gCoimisiún**

Is é cuspóir an togra ón gCoimisiún ná córas rialála reatha an Aontais maidir le hoiliúint íosta agus deimhnithe maraithe a shimpliú agus a chuíchóiriú d'fhonn na trí chuspóir seo a leanas a bhaint amach:

- ar an gcéad dul síos, rialacha AE a a choiméad ailínithe leis an gcreat idirnáisiúnta;
- ar an dara dul síos, an sásra láraithe maidir le haitheantas do thríú tíortha a nuachóiriú chun a éifeachtúlacht a mhéadú;
- ar tríú dul síos, an tsoiléireacht dlí i dtaca le haitheantas frithpháirteach do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit a fheabhsú.

### **Seasamh an Rapóirtéara**

Tacaíonn an Rapóirtéir leis an togra ón gCoimisiún agus is díol sásaimh dó é, ar togra é a bhfuil mar aidhm aige caighdeáin Eorpacha a nuashonrú i gcomhréir le rialacha an Choinbhinsiúin STCW a leagtar síos faoi choimirce IMO. Is eol don Rapóirtéir gur gá tacú le cáilíocht na hoiliúna do mharaithe atá ag obair ar bord soithí a bhfuil bratach de chuid Ballstáit in AE ar foluain orthu agus faireachán a dhéanamh uirthi, go háirithe trí fhaireachán a dhéanamh ar cháilíocht na hoiliúna a dhéanann maraithe a earcaítear i dtríú tíortha faoi shocrúithe maidir le haitheantas a thabhairt do dheimhnithe. Is é an aidhm fhoriomlán ná sábháilteacht ar bord longa a áirithiú.

Ar bhonn níos sonraí, tá an Rapóirtéir den tuairim go ndéantar cúrsaí a shimpliú leis na hathruithe atá curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún Eorpach maidir le haitheantas frithpháirteach do dheimhnithe mharaithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus go ndéantar leo an dúbailt dlhlíthiúil idir an creat idirnáisiúnta agus Treoir 2008/106/CE a bhaint.

Anuas air sin, is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta maidir le haitheantas a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag tríú tír, chomh maith leis an togra le haghaidh scéim chun aitheantas a aisghairm. Tá sé den tuairim, áfach, gur cheart, i gcás nach nár earcaíodh maraithe ó thríú tír chun oibriú ar bord long a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain orthu, an tréimhse ar ag a deireadh a fhéadfar aitheantas a tharraingt siar ó thríú tír a fhadú ó 5 bliana go 8 mbliana. Tá gá leis an tréimhse níos faide chun go mbeadh sé i gcomhréir le ré na hoiliúna agus na bailíochta.

Maidir le hiarratais ó Bhallstáit chuig an gCoimisiún i dtaca le haitheantas a thabhairt do dheimhnithe inniúlachta nó oilteachta tríú tír, tá an Rapóirtéir den tuairim gur cheart iarratais den sórt sin a mheas bunaithe ar an dlí. Ní féidir leis an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh é féin maidir le tús a chur nó gan tús a chur leis an nós imeachta, bunaithe ar an an tríú tír lena mbaineann.

Ina theannta sin, molann an Rapóirtéir dhá bheart nua chun cáilíocht na hoiliúna do mharaithe Eorpacha a fheabhsú. Ar an gcéad dul síos, molann sé Deimhniú Eorpach Barr Feabhais i gcomhair oiliúint na maraithe atása bhreis ar na caighdeáin íosta a leagtar síos ar an leibhéal idirnáisiúnta, d'fhonn fios gnó Eorpach a fhorbairt agus scileanna maraithe a chur in oiriúint do dhigitiú a ngairme, chomh maith le bearta eile agus é mar sprioc dheiridh acu buntáiste iomaíoch a thabhairt do mharaithe Eorpacha sa mhargadh domhanda.

Ar an dara dul síos, molann sé go ndéanfaí na deimhnithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit nó ag tríú tíortha aitheanta a aistriú láithreach go bunachar sonraí leictreonach, láraithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, atá nasctha le bunachar sonraí na gcigireachtaí dá dtagraítear i dTreoir 2009/16/CE maidir le Rialú Stáit ar Chalafóirt. An aidhm atá leis sin ná costais airgeadais agus acmhainní daonna a laghdú, agus ag an am céanna, feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais rialála ina iomláine.

27.11.2018

## **TUAIRIM ÓN GCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA**

chuid an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/106/CE maidir le híosleibhéal oiliúna maraithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/45/CE (COM(2018)0315 – C8-0205/2018 – 2018/0162(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Sofia Ribeiro

### **RÉASÚNÚ GEARR**

Is tosaíocht dhaingean don Aontas Eorpach agus dá lucht déanta beartais oideachas agus oiliúint a fheabhsú. Uaillmhian is ea scileanna a thabhairt do shaoránaigh na hEorpa a chuirfidh borradh faoi inbhuanaitheacht go leor earnálacha den gheilleagar; ní eisceacht é iompar muirí.

Déantar 90% de na hearraí a onnmhairítear ón Aontas Eorpach agus 40% den trádáil laistigh de AE a sheoladh de mhuir. Dá bhrí sin, is ais rithábachtach é iompar muirí chun go ndéanfaí dul chun cinn ar thrádáil na hEorpa, ag a bhfuil tionchar ollmhór eacnamaíoch aige agus cruthófar poist dá bharr. Dá bhrí sin, ní mór dúinn oiliúint, speisialtóireacht agus deimhniúchán le haghaidh maraithe a áirithiú chun bagairtí féideartha ar shábháilteacht beatha daoine agus ar earraí ar muir nó ar an muirthimpeallacht le linn oibríochtaí ar bord long a íoslaghdú. Ní mór reachtaíocht AE maidir leis an íosleibhéal oiliúna agus na dálaí oibre íosta inghlactha agus na socruithe sábháilteachta ar bord a bheith i gcomhréir freisin le caighdeáin agus coimbhinsiúin idirnáisiúnta, ós rud é go mbaineann nádúr domhandaithe leis an earnáil mhuirí.

Trí oideachas, oiliúint agus deimhniúchán muirí do mharaithe a fheabhsú, tá an-dul chun cinn déanta cheana le creat normatach AE reatha chun cabhrú le deireadh a chur le foirme faoi bhun caighdeáin a bhíonn ag obair ar bord long a bhfuil bratach AE ar foluain orthu. Ag an am céanna, tá cothroime iomaíochta bainte amach idir maraithe a bhfuair a gcuid oiliúna san Aontas agus maraithe a fhostaítear ó thríú tíortha trí shásra AE-láraithe a bhunú, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a ghlac na Ballstáit orthu féin nuair a d'aontaigh siad do Choinbhinsiún STCW. I bhfianaise forbairtí reachtacha a rinneadh le déanaí, áfach, is gá reachtaíocht AE a

oiriúnú, a shimpliú agus a athfhoirmlíú.

Leis an bpróiseas reatha chun athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2008/106/CE maidir le híosleibhéal oiliúna maraithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/45/CE, déanfar an riachtanas sin a bhaint amach agus ba cheart dó, dá bharr sin, iarracht a dhéanamh deireadh a chur le bearnaí sa chóras a sainaitníodh cheana agus chun creat reatha rialála AE sna réimsí sin a shimpliú agus a chuíchóiriú.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

### Leasú 1

#### Togra le haghaidh Treorach Aithris 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Cuimsítear i dTreoir 2008/106/CE freisin sásra chun go dtabharfar aitheantas do dheimhnithe maraithe arna eisiúint ag tríú tíortha. Léirigh measúnú an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT)<sup>14</sup> gur baineadh amach laghdú suntasach ar chostais do na Ballstáit ó tugadh isteach an sásra láraithe. Mar sin féin, léiríodh sa mheastóireacht, maidir le cuid de na tríú tíortha aitheanta, nár **fostaíodh** ach líon an-bheag **maraithe ar shoithigh an Aontais ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, chun na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla, ba cheart an nós imeachta maidir le** haitheantas a thabhairt do thríú tíortha **a bheith bunaithe ar anailís ar an ngá atá leis an aithint sin, ag cur san áireamh uimhir na máistrí agus na n-oifigeach as an tír sin is dóichí a fhostófar ar shoithigh an Aontais.**

<sup>14</sup> Doiciméad Inmheánach Oibre (2018)19

*Leasú*

(5) Ina theannta sin, tá sásra láraithe i dTreoir 2008/106/CE chun aitheantas a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha. Léiríodh i meastóireacht an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT)<sup>14</sup> gur baineadh amach laghdú suntasach ar chostais do na Ballstáit ó tugadh isteach an sásra láraithe. Nochtadh sa mheastóireacht freisin, áfach, maidir le roinnt de na tríú tíortha aitheanta, **nár eisigh na Ballstáit** ach líon thar a bheith teoranta **d'fhormhuinithé lena ndeimhnítear** aitheantas do **dheimhnithe i dtaca le deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta arna n-eisiúint ag na tríú tíortha sin.**

<sup>14</sup> Doiciméad Inmheánach Oibre (2018)19

## Leasú 2

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(7) Chun éifeachtúlacht an chórais láraithe maidir le haitheantais a thabhairt do thríú tíortha a fheabhsú níos mó, ba cheart athmheasúnú tríú tíortha a sholáthraíonn líon beag maraithe do chabhlach an Aontais, ba cheart é sin a dhéanamh ag eatraimh rialta níos faide agus ba cheart iad a fhadú go deich mbliana mar sin. Mar sin féin, ba cheart an tréimhse níos faide athmheasúnaithe ar chóras na dtríú tíortha sin a chomhcheangal le critéir thosaíochta a chuireann san áireamh ceisteanna sábháilteachta, agus á chur san áireamh go mbeadh gá le cothromaíocht idir éifeachtúlacht agus sásra Coimirce éifeachtach i gcás go dtiocfadh meath ar chaighdeán oilúna do mharaithe a chuirtear ar fáil sna tríú tíortha ábhartha.

## Leasú 3

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) Na maraithe atá fostaithe agus arb as tríú dtíortha dóibh, tá faisnéis curtha ar fáil ina dtaobh le cumarsáid ó na Ballstáit a chuireann in iúl an fhaisnéis ábhartha atá ina gcláir náisiúnta maidir le deimhnithe agus formhuinithe arna n-eisiúint acu. Ba cheart an fhaisnéis a úsáid ní amháin chun críocha staidreamh agus beartais a cheapadh ach chun críche éifeachtúlacht an chórais láraithe lena n-aithnítear tríú tíortha a fheabhsú. Bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur in iúl ag na Ballstáit, ***bainfear de***

*Leasú*

(7) Chun éifeachtúlacht an chórais láraithe maidir le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha a fheabhsú tuilleadh, ba cheart athmheasúnú tríú tíortha a sholáthraíonn líon beag maraithe do chabhlach an Aontais a dhéanamh ag eatraimh níos faide, cheart iad a mhéadú go deich mbliana. ***Ba cheart do na Ballstáit cumas na maraithe sin a mheasúnú freisin, agus, más gá, ba cheart dóibh dul faoi oilúint.*** Ba cheart, áfach, an tréimhse níos faide athmheasúnaithe sin ar chóras na dtríú tíortha a chomhcheangal le critéir thosaíochta lena gcuirfí san áireamh ceisteanna sábháilteachta, agus cothromú a dhéanamh idir an gá le héifeachtúlacht agus sásra coimirce éifeachtach i gcás go dtiocfadh meath ar chaighdeán oilúna do mharaithe arna cur ar fáil sna tríú tíortha ábhartha.

*Leasú*

(8) Na maraithe atá fostaithe agus arb as tríú dtíortha dóibh, tá faisnéis ar fáil ina dtaobh ar leibhéal an Aontais mar gheall ar an bhfaisnéis ábhartha atá ina gcláir náisiúnta maidir le deimhnithe agus formhuinithe arna n-eisiúint acu a bheith curtha in iúl ag na Ballstáit. Ba cheart an fhaisnéis a úsáid ní hamháin chun críocha staidreamh agus beartais a cheapadh ach chun críche éifeachtúlacht an chórais láraithe lena n-aithnítear tríú tíortha a fheabhsú. Bunaithe ar an bhfaisnéis arna

*liosta na dtríú tíortha aitheanta na tíortha aitheanta* sin nár sholáthraigh maraithe do chabhlach an Aontais ar feadh tréimhse **ciúg** bliana ar a laghad. Anuas air sin, úsáidfean an fhaisnéis seo chun tús áite a thabhairt d'athmheasúnú ar na tríú tíortha aitheanta.

cur in iúl ag na Ballstáit, **ba cheart athscrúdú** a dhéanamh ar **aitheantas na** dtríú tíortha nach bhfuil maraithe curtha ar fáil acu do chabhlach an Aontais le **10** mbliana anuas ar a laghad. **Ba cheart go gcumhdófaí le próiseas an athscrúdaithe an fhéidearthacht go gcoinneofaí nó go dtarraingeofaí siar aitheantas an tríú tír ábhartha, i gcomhréir le nós imeachta an athscrúdaithe.** Anuas air sin, úsáidfean an fhaisnéis seo chun tús áite a thabhairt don athmheasúnú ar na tríú tíortha aitheanta.

#### Leasú 4

##### Togra le haghaidh Treorach Aithris 10 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(10a) Tá gá le díospóireacht leathan ina mbeadh na comhpháirtithe sóisialta, na Ballstáit, institiúidí oiliúna agus geallsealbhóirí eile rannpháirteach chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go gcruthófaí córas deonach de dheimhnithe comhchuibhithe a théann níos fúide ná Coinbhinsiún STCW ar leibhéal na hoiliúna, chun an buntáiste iomaíoch atá ag maraithe na hEorpa a mhéadú. D'fhéadfadh STCW+ den sórt sin 'deimhnithe barr feabhais muirí' a bhunú bunaithe ar chúrsaí iarchéime muirí Eorpacha, a sholáthródh do mharaithe Eorpacha scileanna sa bhreis orthu siúd is gá ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ba cheart go gcuideodh digitíú méadaitheach na hearnála muirí leis na scileanna agus na cáilíochtaí sin a fheabhsú agus a fhorbairt**

#### Leasú 5

##### Togra le haghaidh Treorach Aithris 10 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(10b) Ba cheart go dtabharfaí tacaíocht d'oideachas maraíthe Eorpacha mar mháistrí agus mar oifigigh trí mhalartuithe mac léinn idir Institiúidí Oideachais agus Oiliúna Muiri ar fud an Aontais. Chun scileanna agus cáilíochtaí maraíthe faoi bhratach Eorpach a chothú agus a fhorbairt, tá ga le malartú deachleachtais idir na Ballstáit. Ba cheart go mbainfeadh oiliúint maraíthe leas iomlán as na deiseanna a chuirtear ar fáil le Erasmus +.**

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 5 b – mír 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**5a. Ba cheart do na Ballstáit, a mhéid agus is féidir, liosta a riachtanas agus tairiscintí poist le haghaidh maraíthe a choimeád cothrom le dáta.**

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 5 b – mír 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**7a. Faoin ... [cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], tiolacfaidh an Coimisiún measúnú ar thionchar aitheantas frithphárteach dheimhnithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit ar fhostaíocht maraíthe Eorpacha.**

## Leasú 8

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe a**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 12 – mír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) caighdeán dea-shláinte dá bhforordaítear in Airteagal 11 a chomhlíonadh; agus

*Leasú*

(a) na caighdeán dea-shláintedá bhforordaítear in Airteagal 11 a chomhlíonadh, **idir fhisiciúil agus mheabhrach**; agus

## Leasú 9

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe a**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ballstát a bhfuil sé mar rún aige a aithint, trí fhormhuiniú, deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta dá dtagraítear i mír 1 arna n-eisiúint ag tríú tír do mháistir, oifigeach nó oibreoir raidió, maidir lena bheith ag obair ar bord long a bhfuil a mbratach ar foluain orthu, cuirfidh an Ballstát sin iarratas faoi bhráid an Choimisiúin le go dtabharfaí aitheantas don tríú tír sin, in éineacht le réamhanailís ar chomhlíonadh an tríú tír le ceanglais an Choinbhinsiún Chóid do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire tríd an bhfaisnéis a bhailiú dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, **lena n-áirítear** réamh-mheastachán ar líon na máistrí agus na n-oifigeach ón tír sin is dóichí a fhostófar.

*Leasú*

Ballstát a bhfuil sé de rún aige aitheantas a thabhairt, trí fhormhuiniú, do na deimhnithe inniúlachta nó do na deimhnithe oilteachta dá dtagraítear i mír 1 arna n-eisiúint ag tríú tír do mháistir, oifigeach nó oibreoir raidió, as siocair a bheith ag obair ar bord long a bhfuil a mbratach ar foluain orthu, cuirfidh an Ballstát sin iarratas faoi bhráid an Choimisiúin go dtabharfaí aitheantas don tríú tír sin, in éineacht le réamhanailís ar chomhlíontacht an tríú tír le ceanglais an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Caighdeán Oiliúna, Deimhniúcháin agus faire do Mharaithe tríd an bhfaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a bhailiú, **agus nuair is féidir** réamh-mheastachán ar líon na máistrí agus na n-oifigeach ón tír sin is dóichí a fhostófar.

## Leasú 10

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe a**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 19 – mír 2 – fómhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Tar éis don Bhallstát an iarraidh a thíolacadh, **déanfaidh an Coimisiún cinneadh chun tús** a chur leis an nós imeachta um aitheantas frithpháirteach le haghaidh an tríú tír sin. **Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2).**

## Leasú 11

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe a**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 19 – mír 2 – fómhír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**An tráth a nglacfar cinneadh dearfach chun tús a chur leis an nós imeachta aitheantais**, baileoidh **an** Coimisiún, le cúnaimh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, agus seans ann go mbeidh ról ag an mBallstát atá ag tíolacadh na hiarrata, baileoidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II agus a dhéanfaidh measúnú ar na córais oiliúna agus deimhnithe sa tríú tír a mbaineann an iarraidh ar aitheantas léi, chun a fhíorú go gcomhlíonann an tír lena mbaineann ceanglais uile an Choinbhinsiún Chóid do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire agus a fhíorú go ndearnadh na bearta iomchuí chun cosc a chur ar eisiúint deimhnithe calaoiseacha.

*Leasú*

Tar éis don Bhallstát an iarraidh a thíolacadh, **cuirfidh Coimisiún tús** leis an nós imeachta aitheantais maidir leis an tríú tír sin.

*Leasú*

Le cúnaimh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, agus le rannpháirtíocht fhéideartha an Bhallstáit atá ag tíolacadh na hiarrata, baileoidh **an** Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II agus déanfaidh sé measúnú ar na córais oiliúna agus deimhniúcháin sa tríú tír ar ina leith a cuireadh isteach an iarraidh, chun a fhíorú an gcomhlíonann an tír lena mbaineann ceanglais uile an Choinbhinsiún Chóid do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire agus a fhíorú an ndearnadh bearta iomchuí chun cosc a chur ar eisiúint deimhnithe calaoiseacha.



## Leasú 12

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe b**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 19 – mír 3 – fómhír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Féadfaidh an Ballstát atá ag tiolacadh na hiarrata **a chinneadh** aitheantas a thabhairt don tríú tír **go haontaobhach go dtí** go nglacfar gníomh cur chun feidhme faoi bhun na míre seo. I **gcás** a dtugtar **an t-aitheantas aontaobhach sin, cuirfidh** an Ballstát **in iúl don Choimisiún líon na bhformhuiníthe a léiríonn aitheantas arna eisiúint maidir le deimhniúthe inniúlachta** agus **deimhniúthe oilteachta dá dtagraítear i mír 1, arna n-eisiúint ag an tríú tír go dtí go nglacfar leis an** gcinneadh **ar aitheantas**.

## Leasú 13

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe b**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 19 – mír 3 – fómhír 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

## Leasú 14

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 20 – mír 8

*Leasú*

Féadfaidh an Ballstát atá ag tiolacadh na hiarrata **iarratas a dhéanamh chun anChoimisiún ar údarú sealadach** chun aitheantas a thabhairt don tríú tír **go dtí go** ndéanfar cinneadh faoi bhun na míre seo. I **gcás** den sórt sin, **ní mór** don Bhallstát **gach faisnéis** agus **doiciméadacht is gá a sholáthar** don Choimisiún chun **údar a thabhairt don iarratas sin go dtí go** ndéanfar cinneadh **faoi bhun na míre seo**.

*Leasú*

**In éagmais doiciméadacht den sórt sin, diúltóidh an Coimisiún an iarraidh ar aitheantas sealadach, agus luafaidh sé na cúiseanna atá aige leis an diúltú sin.**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

8. Mura bhfuil aon fhorghuiniú ann a léiríonn aitheantas arna eisiúint ag Ballstát maidir le deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta, dá dtagraítear i **mír 1** d'Airteagal 19, arna eisiúint ag tríú tír le haghaidh tréimhse níos faide ná **5** bliana, déanfar an t-aitheantas do dheimhnithe na tíre sin a **tharraingt siar**. Chun na críche sin, glacfaidh an Coimisiún cinntí cur chun feidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2), tar éis dó é sin a chur in iúl do na Ballstáit agus don tríú tír lena mbaineann dhá mhí roimh ré ar a laghad

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe b**  
Treoir 2008/106/CE  
Airteagal 21 – mír 2 – pointe f a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

8. Mura bhfuil aon fhorghuiniú ann a léiríonn aitheantas arna eisiúint ag Ballstát maidir le deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta, dá dtagraítear in Airteagal 19, arna eisiúint ag tríú tír le haghaidh tréimhse níos faide ná **10** mbliana, déanfar an t-aitheantas do dheimhnithe na tíre sin a **athscrúdú i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí ábhartha**. Chun na críche sin, **tar éis an nós imeachta athscrúdaithe thuasluaite**, glacfaidh an Coimisiún cinntí cur chun feidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28, tar éis dó é sin a chur in iúl do na Ballstáit agus don tríú tír lena mbaineann dhá mhí roimh ré ar a laghad.

*Leasú*

**(fa) Gur eisíodh deimhnithe calaoiseacha;**

**NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR**

<b>Teideal</b>	Leibhéal iosta oiliúna maraithe
<b>Tagairtí</b>	COM(2018)0315 – C8-0205/2018 – 2018/0162(COD)
<b>An Coiste freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	TRAN 11.6.2018
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 11.6.2018
<b>Rapóirtéir</b> Dáta an cheapacháin	Sofia Ribeiro 29.6.2018
<b>Pléite sa choiste</b>	9.10.2018
<b>Dáta an ghlactha</b>	27.11.2018
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+ :           24 - :           17 0 :            0
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Guillaume Balas, David Casa, Ole Christensen, Michael Detjen, Lampros Fountoulis, Elena Gentile, Marian Harkin, Czesław Hoc, Danuta Jazłowiecka, Agnes Jongerius, Jan Keller, Adam Kósa, Jean Lambert, Jérôme Lavrilleux, Patrick Le Hyaric, Jeroen Lenaers, Verónica Lope Fontagné, Javi López, Dominique Martin, Miroslav Mitrofanovs, Elisabeth Morin-Chartier, Emilian Pavel, Georgi Pirinski, Sofia Ribeiro, Robert Rochefort, Claude Rolin, Siôn Simon, Romana Tomc, Yana Toom, Marita Ulvskog, Renate Weber
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Maria Arena, Georges Bach, Amjad Bashir, Tania González Peñas, Krzysztof Hetman, António Marinho e Pinto, Tamás Meszerics, Michaela Šojdrová, Tom Vandenkendelaere, Flavio Zanonato

**TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR**

24	+
ALDE	Marian Harkin, António Marinho e Pinto, Robert Rochefort, Yana Toom, Renate Weber
ECR	Amjad Bashir, Czesław Hoc
PPE	Georges Bach, David Casa, Krzysztof Hetman, Danuta Jazłowiecka, Ádám Kósa, Jérôme Lavrilleux, Jeroen Lenaers, Verónica Lope Fontagné, Elisabeth Morin-Chartier, Sofia Ribeiro, Claude Rolin, Michaela Šojdrová, Romana Tomc, Tom Vandenkendelaere
VERTS/ALE	Jean Lambert, Tamás Meszerics, Miroslavs Mitrofanovs

17	-
ENF	Dominique Martin
GUE/NGL	Tania González Peñas, Patrick Le Hyaric
NI	Lampros Fountoulis
S&D	Maria Arena, Guillaume Balas, Ole Christensen, Michael Detjen, Elena Gentile, Agnes Jongerius, Jan Keller, Javi López, Emilian Pavel, Georgi Pirinski, Siôn Simon, Marita Ulvskog, Flavio Zanonato

0	0

Eochair na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

<b>Teideal</b>	Leibhéal iosta oiliúna maraithé
<b>Tagairtí</b>	COM(2018)0315 – C8-0205/2018 – 2018/0162(COD)
<b>Dáta tíolactha chun PE</b>	24.5.2018
<b>An Coiste freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	TRAN 11.6.2018
<b>Coistí ar iarradh tuairim orthu</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 11.6.2018
<b>Rapóirtéirí</b> Dáta an cheapacháin	Dominique Riquet 5.7.2018
<b>Dáta an ghlactha</b>	10.1.2019
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 40 -: 5 0: 2
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Daniela Aiuto, Lucy Anderson, Inés Ayala Sender, Georges Bach, Izaskun Bilbao Barandica, Deirdre Clune, Michael Cramer, Luis de Grandes Pascual, Andor Deli, Isabella De Monte, Ismail Ertug, Jacqueline Foster, Dieter-Lebrecht Koch, Merja Kyllönen, Innocenzo Leontini, Peter Lundgren, Marian-Jean Marinescu, Georg Mayer, Cláudia Monteiro de Aguiar, Renaud Muselier, Markus Pieper, Tomasz Piotr Poręba, Gabriele Preuß, Dominique Riquet, Massimiliano Salini, David-Maria Sassoli, Keith Taylor, Pavel Telička, Marita Ulvskog, Wim van de Camp, Marie-Pierre Vieu, Roberts Zīle, Kosma Zlotowski
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Rosa D'Amato, Michael Gahler, Stefan Geier, Maria Grapini, Karoline Graswander-Hainz, Peter Kouroumbashev, Evžen Tošenovský, Matthijs van Miltenburg
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riall 200(2) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Pascal Durand, Jude Kirton-Darling, Andrey Novakov, Georgi Pirinski, Sergei Stanishev, Mylène Troszczynski
<b>Dáta don chur síos</b>	11.1.2019

**TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE  
FREAGRACH**

40	+
ALDE	Izaskun Bilbao Barandica, Matthijs van Miltenburg, Dominique Riquet, Pavel Telička
ECR	Tomasz Piotr Poręba, Evžen Tošenovský, Roberts Zīle, Kosma Zlotowski
GUE/NGL	Merja Kyllönen
PPE	Georges Bach, Wim van de Camp, Deirdre Clune, Andor Deli, Michael Gahler, Stefan Gehrold, Luis de Grandes Pascual, Dieter-Lebrecht Koch, Innocenzo Leontini, Marian-Jean Marinescu, Cláudia Monteiro de Aguiar, Renaud Muselier, Andrey Novakov, Markus Pieper, Massimiliano Salini
S&D	Lucy Anderson, Inés Ayala Sender, Isabella De Monte, Ismail Ertug, Maria Grapini, Karoline Graswander-Hainz, Jude Kirton-Darling, Peter Kouroumbashev, Georgi Pirinski, Gabriele Preuß, David-Maria Sassoli, Sergei Stanishev, Marita Ulvskog
VERTS/ALE	Michael Cramer, Pascal Durand, Keith Taylor

5	-
ECR	Jacqueline Foster, Peter Lundgren
EFDD	Daniela Aiuto, Rosa D'Amato
ENF	Mylène Troszczynski

2	0
ENF	Georg Mayer
GUE/NGL	Marie-Pierre Vieu

Eochair na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh